Ag obair le chéile leis an toradh is fearr a fháil

Ag Obair le Daoine Eile

1. Smaoinigh ar an rud a iarradh ort a dhéanamh.
2. Labhair leis an ghrúpa. An ndearna sibh rud ar bith mar seo roimhe?
3. An bhfuil eolas ag duine ar bith sa ghrúpa a bheadh ina chuidiú agaibh? Bíodh cead cainte ag gach duine.
4. Mar ghrúpa, socraígí ar chritéir ratha don tasc.
5. Socraígí ar cad é atá le déanamh agus ar cé a dhéanfaidh gach tasc – Bígí cothrom!

An bealach is fearr lena dhéanamh a aimsiú le chéile

Ag Obair le Daoine Eile

1. Cad é an dóigh is fearr leis an tasc seo a chur i gcrích?
2. Bíodh deis ag gach ball den ghrúpa a mhíniú cén dóigh, dar leis/léi, ar chóir é a dhéanamh agus cad chuige.
3. Anois, mar ghrúpa, roghnaígí an dá bhealach is fearr.
4. Cad é mar a dhéanfaidh sibh cinneadh le chéile?
5. Cuimhnígí go gcaithfidh sibh sealaíocht a dhéanamh agus go bhfuil cead ag gach duine tuairim a bheith aige/aici.
6. Thig libh smaointe agus tuairimí daoine eile a cheistiú ach cúis mhaith a bheith agaibh.

An dtuigeann gach duine?

Ag Obair le Daoine Eile

1. An dtuigeann gach duine cad é atá le déanamh aige/aici?
2. Sula dtosóidh tú, cad é a bheidh de dhíth ort leis an tasc a chur i gcrích?
3. Cén ról a bheidh ag gach duine?
4. Ar tugadh na tascanna amach go cothrom?
5. Cad é a dhéanfaidh an grúpa má bhíonn cuidiú de dhíth ar dhaoine?
6. An dtiocfadh le beirt a bheith ag obair le chéile ar thasc?

Easaontuithe a réiteach

Ag Obair le Daoine Eile

2.34

1. Cad é mar a réiteoidh tú easaontuithe i do ghrúpa?
2. An bhfuil sé maith go leor easaontú nó an gcaithfidh gach duine a bheith ar aon intinn lena chéile i gcónaí?
3. An dtuigeann gach duine cad é atá i gceist le ‘comhghéilleadh’ a dhéanamh?
4. Socraígí ar dhóigh le heasaontuithe ar bith a láimhseáil má tharlaíonn siad.

Ag plé le haiseolas

Ag Obair le Daoine Eile

2.35

1. Cad é mar a d'oibrigh gach duine sa tasc seo?
2. Cad é mar a d'oibrigh an FHOIREANN le chéile?
3. Glacaigí sealanna le haiseolas a thabhairt do dhuine amháin eile sa ghrúpa.
4. Is é atá i gceist le haiseolas sa chás seo, rud amháin a rinne an duine go maith agus rud amháin a dtiocfadh leis/léi a fheabhsú nó a dhéanamh ar bhealach difriúil an chéad uair eile.
5. Cuimhnigh gur rud maith é a bheith ag fáil amach faoi na rudaí a chaithfidh tú a fheabhsú mar cuidíonn sé leat dul chun cinn a dhéanamh!

Na scileanna agus na tréithe is fearr agat a úsáid le cuidiú le d'fhoireann

Ag Obair le Daoine Eile

1. Cad é atá i gceist le ‘bheith páirteach i bhfoireann’?
2. An bhfuil a fhios agat cén ról atá agat agus cad é a bheidh ort a dhéanamh?
3. Cad é a thig leat a thabhairt don fhoireann?
4. An mbeidh tú ábalta an scil nó an tréith seo a léiriú sa ról a tugadh duit?
5. Ar chóir go mbeadh deis agat an scil is fearr agat a úsáid i gcónaí?

A bheith i gceannas ar an ghrúpa

Ag Obair le Daoine Eile

2.37

1. Cé a bheidh i gceannas an iarraidh seo agus a dhéanfaidh cinnte de go gcuirfear gach rud i gcrích?
2. An bhfuil sé cothrom nach mbeidh ach aon duine amháin i gceannas i rith an ama?
3. Cad é atá i gceist le ceannaire maith?
4. Ar chóir go mbeadh deis ag gach duine a bheith i gceannas, nó ar chóir nach mbeadh ach aon cheannaire amháin ann?
5. Cad é mar a dhéanfaidh tú cinneadh cothrom maidir le cén ról a bheidh ag gach duine?

Obair mhaith foirne a phleanáil

Ag Obair le Daoine Eile

1. Cad é atá de dhíth le go mbeidh foireann ag obair go maith le chéile?
2. Déanaigí plean le chéile le hobair mhaith foirne a spreagadh i bhur ngrúpa.
3. Cad é mar a thig leat do smaointeoireacht a fheabhsú trí bheith ag obair mar chuid d'fhoireann?
4. Cad é mar a dhéanfaidh tú na tascanna a roinnt go cothrom?
5. Cad é mar a thig le do ghrúpa é féin a eagrú?
6. Cad é mar a dhéanfaidh tú cinnte de go bhfuil sibh ag obair sa treo ceart?

Ag obair sa treo ceart

Ag Obair le Daoine Eile

1. Cé i do ghrúpa a dhéanfaidh cinnte de go bhfuil sibh uilig ag obair sa treo ceart?
2. Ar chóir go mbeadh gach duine agaibh freagrach as píosa amháin an duine, nó ar chóir daoibh uilig a bheith freagrach as gach rud a dhéanann an grúpa?
3. Beidh oraibh bhur gcuid ama a bhainistiú. Cad é mar a dhéanfaidh sibh seo?
4. Beidh oraibh súil a choinneáil ar dhul chun cinn sa tasc agus a chinntiú nach bhfuil rud ar bith fágtha ar lár agaibh.
5. Cad é faoi chritéir ratha a dhéanamh?

Ar éirigh le do ghrúpa?

Ag Obair le Daoine Eile

2.40

1. Ar éirigh leis an ghrúpa an tasc a chur i gcrích?
2. Cad é mar a d'eagraigh sibh an grúpa?
3. Cad é mar a rinne sibh na tascanna a roinnt? An raibh seo cothrom? Cad chuige?
4. Ar oibrigh gach duine le chéile leis an tasc a chur i gcrích? Cad mar atá a fhios agat?
5. Cad é a d'oibrigh go maith?
6. Cad é a thiocfadh libh a dhéanamh ar bhealach níos fearr an chéad uair eile?